# Am – Moltaí don teagasc

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Tabhair faoi réimse dúshlán spraíúil agus tascanna atá faoi cheangal ama nó sainithe ag am. m.sh. pictionary, searáidí
- Úsáid naisc thraschuraclaim chun iniúchadh a dhéanamh ar imeacht ama (m. sh., le Corpoideachas agus Ceol)
- Déan comhartha nuair a thagann páistí ar theanga an ama de réir mar a thagann sí chun cinn tríd an súgradh

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Spreag na páistí chun bealaí éagsúla a úsáid chun a réitigh ar fhadhbanna a bhaineann le ham a chur i láthair
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí aghaidh a thabhairt ar chásanna ón bhfíorshaol a bhaineann le tascanna a bhaineann le ham, ag méadú an dúshláin trí na comhpháirteanna ama a choigeartú
- Cabhraigh le páistí naisc a dhéanamh le réamheolas ar am agus uimhir agus uimhir le tascanna a bhaineann leis an am atá caite

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Úsáid comhthéacsanna fiúntacha agus ón bhfíorshaol chun plé bunaithe ar am a chur chun cinn
- Úsáid naisc thraschuraclaim chun béim a leagan ar thábhacht an ama i ngach gné dár saol
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun patrúin a aimsiú agus naisc a dhéanamh le heatraimh ama agus snáitheanna matamaiticiúla eile (m. sh. geoiméadracht, codáin)

## BÉIM A CHUR AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag páistí chun a dtuiscint ar am a chur in iúl agus a léiriú ar bhealaí éagsúla m.sh. mion-cloig analógacha a úsáid nó amchláir a chruthú
- Cuir dúshláin éagsúla ar fáil ina gcuireann páistí a gcuid samhlacha matamaiticiúla i bhfeidhm agus a samhlacha matamaiticiúla a bheachtú maidir le ham
- Tacaigh le páistí a gcuid samhlacha a ghinearálú agus am á iniúchadh acu i.e. iad a nascadh le foghlaim nua

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Aithin agus roghnaigh cásanna cuí chun páistí a chur i mbun cainte matamaitice maidir le ham
- Cuir deiseanna laethúla ar fáil do pháistí chun am a chur in iúl ar bhealaí éagsúla m.sh. béim a leagan ar phríomhsheichimh an lae scoile
- Pléigh agus bain ciall as faisnéis a chuirtear i láthair ar amchláir agus iad a úsáid ar bhealach fiúntach

Forbraíodh i gcomhar le **Catherine O'Connor**